C/2024/6604

7.11.2024

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

maidir leis an gCreat Straitéiseach le haghaidh Rannpháirtíocht Comhair Idirnáisiúnta i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2023/1115 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas

(C/2024/6604)

1. RÉAMHRÁ

Tá an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí i measc phríomhspreagthóirí an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta — an dá phríomhdhúshlán atá romhainn ar na saolta seo maidir leis an gcomhshaol. Measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) gur cailleadh 420 milliún heicteár foraoise — limistéar atá níos mó ná an tAontas Eorpach — idir 1990 agus 2020 mar gheall ar an dífhoraoisiú. Measann an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go dtagann 23 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (2007-2016) ón talmhaíocht, ón bhforaoiseacht agus ó úsáidí talún eile ([1]). An tráth céanna, le daonra an domhain atá ag dul i méid , meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar thalamh talmhaíochta agus go gcuirfidh sé brú breise ar fhoraoisí, mar aon le treochtaí eile amhail leathnú an bhithgheilleagair ([2]). Chun deireadh a chur leis na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta a chuireann ár dtodhchaí chomhchoiteann i mbaol, beidh sé ríthábhachtach dlús a chur le gníomhaíocht chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac, agus aistriú cinntitheach a dhéanamh ar an leibhéal domhanda i dtreo táirgeadh inbhuanaithe. Beidh sin ina chuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda uisce i bhfianaise na fianaise eolaíche atá ar fáil maidir leis na naisc idir an dífhoraoisiú agus na leibhéil bháistí agus teochta. Ina theannta sin, soláthraíonn foraoisí seirbhísí éiceachórais tábhachtacha, idir choinneáil tuilte, íonú uisce agus chógais leighis, agus tá ról lárnach acu i ndícharbónú na sochaí. Is minic gurb iad na codanna is boichte agus is leochailí de dhaonraí is mó a bhíonn thíos le cailliúint na seirbhísí sin.

Tá SFI 15 ar cheann de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe in 2015 ([3]), sprioc lenar ceanglaíodh ar thíortha ar fud an domhain stop a chur leis an dífhoraoisiú faoi 2020. Ós rud é nár baineadh amach an sprioc, ag Creat-Choinbhinsiún 2021 na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) COP26 i nGlaschú, gheall an tAontas, in éineacht le 143 thír eile táirgeachta agus tomhaltóra, an dífhoraoisiú a stopadh agus a aisiompú faoi 2030. Ag COP28 i nGlaschú, aithníodh san Athbhreithniú Domhanda a thábhachtaí atá sé stop a chur leis an dífhoraoisiú, foraoisí a chaomhnú agus a athbhunú mar chuid d'iarrachtaí domhanda maolaithe agus lean an Coimisiún Eorpach dá iarrachtaí le tíortha comhpháirtíochta chun aistriú rathúil chuig slabhraí luacha gan dífhoraoisiú a áirithiú. D'aithin Airí Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil G7 an méid sin ag an gcruinniú a bhí acu in Torino an 29-30 Aibreán 2024 ([4]) agus d'aithin Ceannairí G7 é ag Cruinniú Mullaigh Apulia an 12-13 Meitheamh 2024 ([5]).

Is éard is príomhchúis leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí leathnú na talún talmhaíochta chun tráchtearraí amhail soighe, mairteoil, ola pailme, adhmad, rubar agus caife a tháirgeadh. Ós rud é gur mórgheilleagar é an tAontas agus gur tomhaltóir mór na dtráchtearraí sin é freisin, aithníonn sé go bhfuil freagracht pháirteach air as an dífhoraoisiú agus as an díghrádú foraoisí ar fud an domhain agus go bhfuil dualgas comhfhreagrach air rannchuidiú le stop a chur leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí. Tá bearta láidre atá dírithe ar an éileamh ina gcomhlánú tábhachtach freisin ar na bearta lenar díríodh cheana ar an soláthar. Gan iad, bheadh baol ann go leanfadh an t-éileamh ar tháirgí a bhaineann leis an dífhoraoisiú de bheith ag spreagadh na táirgeachta agus de bheith ag déanamh dochar d'iarrachtaí atá dírithe ar an soláthar.

Ina theannta sin, i gcomhréir le Global Gateway an Aontais, thug sé gealltanas naisc níos athléimní leis an domhan a shaothrú, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas agus san aistriú digiteach, trí bhíthin caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil níos airde agus trí shlabhraí luacha níos inbhuanaithe a bheith ann.

([1]) Tagann thart ar 11 % de na hastaíochtaí CO2 foriomlána ón bhforaoiseacht agus ó úsáid talún eile, an dífhoraoisiú den chuid is mó, agus is astaíochtaí díreacha iad an 12 % eile ó tháirgeadh talmhaíochta ar nós beostoic agus leasachán.

([2]) Mar a cuireadh i dtábhacht i straitéis bhithgheilleagair an Choimisiúin: https://research-and-innovation.ec.europa.eu/research-area/environment/bioeconomy/bioeconomy-strategy_ga.

([3]) SFI 15.2: 'Faoi 2020, bainistíocht inbhuanaithe ar gach cineál foraoise a chur chun cinn, stop a chur leis an dífhoraoisiú, foraoisí díghrádaithe a athbhunú agus foraoisiú agus athfhoraoisiú a mhéadú go suntasach ar fud an domhain'.

([4]) https://www.g7italy.it/wp-content/uploads/G7-Climate-Energy-Environment-Ministerial-Communique_Final.pdf.

([5]) https://www.g7italy.it/wp-content/uploads/Apulia-G7-Leaders-Communique.pdf.

2. **RIALACHÁN AN AONTAIS MAIDIR LE SLABHRAÍ SOLÁTHAIR GAN DÍFHORAOISIÚ**

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, d'fhorbair an Coimisiún Eorpach Rialachán an Aontais maidir le Slabhraí Soláthair Gan Dífhoraoisiú (an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú) ([6]), Rialachán a thóg ar Theachtaireacht 2019 maidir le 'Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú'. Tháinig an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2023 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an 30 Nollaig 2024 (an 30 Meitheamh 2025 i gcás oibreoirí ar micreaghnóthais agus gnóthais bheaga iad).

Is é an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú an chéad reachtaíocht dá leithéid arb é is aidhm di deireadh a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí atá á spreagadh ag táirgeacht agus tomhaltas an Aontais. Is uirlis bhunriachtanach é chun na gealltanais dhomhanda a chumhdaítear sna SFInna a chomhlíonadh, i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal chomh maith le Comhaontú Pháras.

Tá feidhm chothrom ag an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú maidir le tráchtearraí agus táirgí roghnaithe a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairítear ó mhargadh an Aontais agus dearadh é chun cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a áirithiú faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). Na hoibreoirí uile a bhfuil sé d'aidhm acu freastal ar mhargadh an Aontais i dtráchtearraí agus i dtáirgí laistigh dá raon feidhme, beidh orthu cleachtais táirgthe gan dífhoraoisiú agus trédhearcacht an tslabhra soláthair a chur i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar tháirgí gan dífhoraoisiú ag dul i méid ar fud an domhain, is deis ghnó é an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú chun feabhas a chur ar thrádáil i dtáirgí gan dífhoraoisiú agus chun borradh a chur faoi dheiseanna do ghníomhaithe inbhuanaithe ar fud an domhain.

Agus iarrachtaí á ndéanamh chun cur chun feidhme an Rialacháin a éascú, chun a chuspóirí a chomhlíonadh agus chun aistriú cóir agus cuimsitheach i dtreo slabhraí soláthair dlíthiúla gan dífhoraoisiú a áirithiú, déantar foráil le hAirteagal 30 den Rialachán maidir le comhar agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta láidir ar bhonn creat straitéiseach tiomnaithe. Sonraítear an méid seo a leanas le hAirteagal 30.1 den Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú:

'rachaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais agus na Ballstáit leasmhara, i gcur chuige comhordaithe, i gcomhar le tíortha táirgeachta agus le codanna díobh, a mbaineann an Rialachán seo leo, go háirithe na tíortha sin a aicmiú mar thíortha ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 29, trí chomhpháirtíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus trí shásraí comhair ábhartha eile chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí. Forbróidh an Coimisiún creat straitéiseach cuimsitheach de chuid an Aontais don chomhar sin agus breithneoidh sé ar ionstraimí ábhartha an Aontais a shlógadh.'

Dá bhrí sin, dírítear go mór ar chomhar le tíortha táirgeachta chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú a éascú agus tionscnaimh ábhartha inbhuanaitheachta agus dea-chleachtais ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda á gcur san áireamh *inter alia*.

Ag an am céanna, maidir leis an rannpháirtíocht le mórthíortha tomhailte na dtráchtearraí a chuireann leis an dífhoraoisiú, tá dlús á chur ag an Aontas leis an rannpháirtíocht leo i ndáil le bearta éifeachtacha atá dírithe ar an éileamh a d'fhéadfadh cuidiú le cuspóir 2030 a bhaint amach. Tá idirphlé níos láidre á shaothrú ag an Aontas freisin i bhfóraim iltaobhacha ábhartha maidir le beartais agus gníomhaíochtaí chun stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí.

Tá an tAontas tiomanta do chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú, agus é ag obair in idirphlé agus i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgeachta. Dá bhrí sin, tá an tAontas ag géarú ar a iarrachtaí comhroinnte faisnéise maidir le bloic thógála éagsúla an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú, go háirithe i gcomhthéacs an Ardáin Ilpháirtithe Leasmhara thiomnaithe agus trí phlé teicniúil le tíortha táirgeachta agus le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí Thoscaireachtaí an Aontais. Tá uirlisí tacaíochta éagsúla á gcur ar fáil ag an Aontas freisin chun cuidiú le páirtithe leasmhara atá faoi réir rialacha an rialacháin seo ullmhú dá n-oibleagáidí. Áirítear orthu sin:

a) Tá doiciméad **Ceisteanna Coitianta** ([7]) (a thugtar cothrom le dáta go rialta) arb é is aidhm dó soiléirithe a thabhairt maidir le roinnt forálacha i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú.

([6]) Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 206, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj).

([7]) https://environment.ec.europa.eu/publications/frequently-asked-questions-deforestation-regulation_ga.

b) Le **treoir fhoirmiúil** soiléireofar príomhghnéithe áirithe de chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú, go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar 'úsáid talmhaíochta', deimhniú, dlíthiúlacht agus maidir le hábhair eile a d'ardaigh páirtithe leasmhara san Aontas agus ar fud an domhain.

c) Le **Faireachlann an Aontais um an dífhoraoisiú**, uirlis saor in aisce ([8]) arna cur ar aghaidh ag an gCoimisiún, ceadaítear d'aon úsáideoir rochtain a fháil ar shonraí eolaíocha maidir le cumhdach foraoise an domhain (féach tuilleadh mionsonraí i Roinn 5.5).

Ina theannta sin, leagtar amach in Airteagal 29(3) den Rialachán go mbunófar aicmiú na dtíortha ísealriosca agus ardriosca (nó codanna díobh) '*ar mheasúnú oibiachtúil trédhearcach arna dhéanamh an gCoimisiún, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí agus na foinsí a aithnítear go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh*'. Maidir leis an méid sin, measann an tAontas go bhfuil sé an-tábhachtach córas cuimsitheach aicmithe riosca a fhorbairt a mbeidh modheolaíocht fhónta mar bhonn taca leis chun sonraí daingne, infhíoraithe agus iontaofa a ghiniúint bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil i gcomhréir le hAirteagal 29(3) agus (4) den Rialachán. Tá an tAontas tiomanta freisin dlús a chur lena idirphlé agus lena chomhar leis na tíortha a meastar go bhfuil ardriosca ag baint leo nó a bhfuil an baol ann go mbeidh ardriosca ag baint leo sna hiarrachtaí chun a leibhéil riosca a laghdú (féach an Iarscríbhinn).

Leagtar amach sa doiciméad seo an Creat Straitéiseach sin, a bheidh mar bhonn d'anailís a bhaineann go sonrach le tír faoi leith, i gcás inarb iomchuí.

3. CUSPÓIRÍ AN CHREATA RANNPHÁIRTÍOCHTA STRAITÉISÍ MAIDIR LEIS AN DÍFHORAOISIÚ

Is é cuspóir ginearálta an Chreata Rannpháirtíochta Straitéisí tacú leis an obair **i gcomhpháirtíocht le tíortha agus le páirtithe leasmhara ar fud an domhain** ar bhonn roinnt prionsabail sheanbhunaithe agus ar fud slabhraí luacha ábhartha in iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí, laistigh de raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú, ach lasmuigh de freisin.

Áirítear an méid seo a leanas ar chuspóirí sonracha an Chreata:

— Feabhas a chur ar an idirphlé déthaobhach, réigiúnach, idirnáisiúnta agus ilpháirtithe leasmhara agus ar an gcomhar maidir le beartais agus gníomhaíochtaí chun stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí, lena n-áirítear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí mar aon le húsáid talún inbhuanaithe, táirgeadh, próiseáil, tomhaltas agus trádáil tráchtearraí.

— An comhar le tríú tíortha atá buailte a neartú i dtreo dreasachtaí eacnamaíocha chun foraoisí a chaomhnú agus infheistíochtaí i slabhraí soláthair inbhuanaithe a fheabhsú.

— Cúnamh a thabhairt do thíortha agus do réigiúin táirgeachta, go háirithe iad siúd a bhfuil acmhainneacht níos laige agus nochtadh ard dífhoraoisithe acu, chun a n-aistriú chuig slabhraí soláthair dleathacha gan dífhoraoisiú a éascú.

— Leanúint den rannpháirtíocht le tíortha tomhaltais eile chun glacadh ceanglas uaillmhianach a chur chun cinn chun a mhéid a chuireann na tíortha sin leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a íoslaghdú.

Sa chomhthéacs sin, leagtar amach sa Chreat ar bhealach ginearálta na príomhriachtanais agus na príomhthosaíochtaí le haghaidh comhar le tríú tíortha chun bonn eolais a chur, de réir mar is ábhartha, faoi phleananna agus straitéisí comhair an Aontais, na mBallstát agus Institiúidí Maoinithe Forbraíochta (DFInna). Tá sé d'aidhm aige freisin cuidiú le cur in úsáid fhéideartha ionstraimí iomchuí a stiúradh a d'fhéadfaí a mheas le haghaidh tacaíocht ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú.

([8]) https://forest-observatory.ec.europa.eu/

Leis an gCreat, réitítear an bealach freisin don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint dá rannpháirtíocht sna fóraim iltaobhacha ábhartha amhail an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD), Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac (UNCCD), Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO), Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA), Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) chomh maith le G7 agus G20 agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Is é an aidhm fhoriomlán atá ann comhthuiscint a chur chun cinn maidir leis an ngá atá le haistriú domhanda chuig táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe gan dífhoraoisiú, bainistíocht inbhuanaithe foraoise neartaithe, slabhraí soláthair inbhuanaithe trédhearcacha gan dífhoraoisiú a fhorbairt, agus beartais chumasúcháin a chruthú i ndáil leis sin. Leanfaidh an tAontas agus Ballstáit an Aontais dá n-iarrachtaí agus den obair chomhpháirteach le comhpháirtithe ar an leibhéal domhanda chun caighdeáin agus sainmhínithe láidre a shainaithint agus a chomhaontú lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta d'fhoraoisí agus d'éiceachórais nádúrtha eile agus do chearta an duine lena mbaineann.

4. PRIONSABAIL AN CHREATA RANNPHÁIRTÍOCHTA STRAITÉISÍ MAIDIR LEIS AN DÍFHORAOISIÚ

Beidh na **8 bpríomhphrionsabal** seo a leanas ina dtreoir do chur chun feidhme an Chreata ag an Aontas agus ag na Ballstáit:

1) **Idirphlé agus comhar leanúnach le tríú tíortha lena mbaineann** chun malartú a dhéanamh maidir le cleachtais agus iarrachtaí agus chun tacú leo timpeallachtaí cumasúcháin a chruthú le haghaidh aistriú cuimsitheach agus cóir chuig slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú, ag brath ar shásraí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo amhail idirphlé struchtúrtha, socruithe riaracháin, comhaontuithe atá ann cheana nó forálacha díobh. Áireofar sa rannpháirtíocht freisin gníomhaíochtaí eile chun tacú le tíortha comhpháirtíochta an t-aistriú a dhéanamh i dtreo slabhraí soláthair níos trédhearcaí, córais inrianaitheachta nua nó córais inrianaitheachta atá ann cheana a fhorbairt chun caighdeáin nua a áirithiú agus comhroinnt faisnéise a éascú in éineacht leis an slabhra soláthair. Áireofar leis sin a léiriú go bhfuil dea-chleachtais sa réimse digiteach á gcleachtadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le réitigh inrianaitheachta trí gheoshuíomh, in Ardán na nIlpháirtithe Leasmhara maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú. Tá sé sin ábhartha go háirithe, maidir le tíortha a aicmítear nó a bhfuil riosca ann go n-aicmeofar iad mar thíortha ardriosca ó thaobh an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí de faoi Airteagal 29 (measúnú ar thíortha).

2) **Tacaíocht do ghníomhaíochtaí** lena ndírítear ar chaomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí, stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí agus ar an aistriú chuig modhanna inbhuanaithe táirgthe tráchtearraí, próiseála tomhaltais agus trádála. Áirítear leis sin cleachtais maidir le húsáid talún inbhuanaithe agus córais inrianaitheachta chomh maith le rochtain feirmeoirí beaga ar mhargaí, ar mhaoiniú agus ar theicneolaíocht.

3) **Leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus as na dea-chleachtais sheanbhunaithe** ar fud tíortha táirgeachta agus tíortha tomhaltóra, lena n-áirítear tionscadail chomhair rathúla de chuid an Aontais, tionscnaimh agus dea-chleachtais ábhartha, amhail i ndáil leis an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, Tionscnamh Cócó Inbhuanaithe an Aontais, scéimeanna deimhniúcháin atá ann cheana agus scéimeanna fíoraithe tríú páirtí, lena n-áirítear inrianaitheacht.

4) **Tacú le rannpháirtíocht** na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar leibhéal na tíre a bhfuil ról acu maidir le talmhaíocht inbhuanaithe, bainistiú foraoisí agus slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a shaothrú i dtíortha táirgeachta agus i dtíortha tomhaltóra. Áirítear ar na páirtithe leasmhara sin, i measc páirtithe leasmhara eile, údaráis náisiúnta agus áitiúla, an earnáil phríobháideach lena n-áirítear feirmeoirí gabháltas beag agus comhlachais táirgeoirí, an tsochaí shibhialta, pobail áitiúla agus pobail dhúchasacha.

5) **Cur chuige atá dírithe ar chearta an duine** lena gcosnaítear na cearta sin a bhaineann leis an dífhoraoisiú nó leis an díghrádú foraoisí, lena n-áirítear cearta na bpobal dúchasach, na bpobal áitiúil agus na sealbhóirí gnáthcheart tionachta, chomh maith lena ról i gcosaint na bhforaoisí a chur chun cinn.

6) **Trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis**. Áirítear leis sin rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht, rochtain phoiblí ar dhoiciméid ábhartha a bhaineann le slabhraí soláthair foraoise agus talmhaíochta agus rochtain ar cheartas (rochtain ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí, gníomhartha nó neamhghníomh na n-údarás).

7) **Sineirgí le tionscnaimh bheartais eile de chuid an Aontais** amhail iad siúd lena ndírítear ar obair éigeantais, maoiniú inbhuanaithe, dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach chomh maith le beartais chomhshaoil leathana agus Global Gateway an Aontais.

8) **Comhordú le comhpháirtithe ábhartha forbartha** chun éascaíocht a dhéanamh do chomhlántacht agus tacaíocht a threisíonn a chéile.

5. RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA GNÍOMHAÍOCHTA

Agus iarrachtaí á ndéanamh chun an t-aistriú chuig slabhra luacha domhanda gan dífhoraoisiú a éascú agus i gcomhréir le cuspóirí Global Gateway an Aontais, tá an tAontas agus a Bhallstáit ag teacht le chéile chun an tacaíocht agus an comhordú is gá a chur in úsáid chun aistriú cuimsitheach cóir chuig slabhraí soláthair dleathacha gan dífhoraoisiú chuig an Aontas agus uaidh a áirithiú. Chuige sin, sainaithníodh cúig réimse leathana de riachtanais tosaíochta. Is táscairí iad sin agus déanfar anailís níos mionsonraithe orthu ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach:



5.1. Tacaíocht d'fheirmeoirí beaga

Soláthraíonn feirmeoirí beaga sciar suntasach de tháirgeadh domhanda roinnt táirgí agus tráchtearraí an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú. . Tá feidhm ag oibleagáidí dlíthiúla an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú i ndáil leis na hoibreoirí agus na trádálaithe a chuireann táirgí ar mhargadh an Aontais agus a chuireann táirgí ar fáil ar mhargadh an Aontais. Ós rud é go mbeidh faisnéis ag teastáil ó oibreoirí ó chodanna níos luaithe de na slabhraí soláthair, áfach, féadfaidh oibreoirí iarraidh ar fheirmeoirí beaga tacar teoranta faisnéise a sholáthar. Is iad príomhchúraimí na dtáirgeoirí dlíthiúlacht an táirgthe a áirithiú, gan a dtalamh foraoise a thiontú ina húsáid talmhaíochta, agus na sonraí geoshuímh a sholáthar, ar féidir iad a fháil trí phríomh-mhodhanna teicniúla ísle agus nach gá iad a bhunú ach uair amháin. Ní gá dóibh dícheall cuí a dhéanamh.

I gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le tosaíochtaí comhair an Aontais a leagtar síos, tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le feirmeoirí beaga a áireamh i slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Ba cheart go rachadh ceanglais inrianaitheachta an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú chun tairbhe d'fheirmeoirí beaga trí chastachtaí an tslabhra soláthair a laghdú, deiseanna nua margaidh a chur ar fáil agus praghsanna níos cothroime a bhaint amach.

Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh tá an cúnamh teicniúil agus an oiliúint, e.g. maidir le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe agus úsáide talún agus maidir leis an inrianaitheacht, chomh maith le rochtain ar mhaoiniú agus ar threalamh/teicneolaíocht ábhartha.

Féachfaidh an tAontas freisin le feirmeoirí beaga a áireamh agus/nó a leasanna a chur chun cinn in idirphlé déthaobhach an Aontais le húdaráis ábhartha na dtíortha comhpháirtíochta agus sna bearta tacaíochta sonracha amhail Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le Slabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú (féach thíos 6.2.1).

Bosca 1: AL-INVEST VERDE

Is clár seanbhunaithe é AL-INVEST VERDE ([9]) atá cistithe ag an Aontas agus a chuireann gníomhaíochtaí chun feidhme in 12 thír i Meiriceá Laidineach. Is é an séú leagan de atá ann faoi láthair, tacaíonn sé leo agus iad ag aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní agus níos ciorclaí agus éascaíonn sé samhlacha táirgthe inbhuanaithe. Tá trí phríomhchuid ann (1) Nuálaíocht agus aistriú glas FBManna, (2) Cúnamh teicniúil don earnáil phoiblí, (3) Maoin intleachtúil a úsáid le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

Faoin gcomhpháirt FBM mar shampla, tá an Coimisiún Eorpach ag cuidiú le FBManna a bhféidearthachtaí margaíochta a leathnú faoi chaighdeáin agus rialacháin nua an Aontais trí aistriú chuig táirgí, próisis agus seirbhísí níos glaine agus níos éifeachtúla, le linn do na tíortha patrúin tomhaltais níos inbhuanaithe a ghlacadh.

Bosca 2: Rannpháirtíocht an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú san Áise Thoir Theas

Leis an tionscadal Rannpháirtíocht leis an Indinéis, an Mhalaeisia, Laos, an Téalainn agus Vítneam chun tuiscint níos fearr agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn maidir le cur chuige an Aontais chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí faoi thionchar an Aontais a laghdú (Rannpháirtíocht an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú ([10])), dírítear ar idirphlé agus oiliúint le páirtithe leasmhara polaitiúla, feirmeoirí beaga, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta maidir le príomhcheanglais inrianaitheachta an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú san Áise Thoir Theas.

5.2. **Tacaíocht chun scéimeanna inrianaitheachta ardchaighdeáin a fhorbairt**

In éineacht le scéimeanna deimhniúcháin agus scéimeanna fíoraithe tríú páirtí, le scéimeanna inrianaitheachta ardchaighdeáin, is féidir comhlíonadh na gceanglas ábhartha maidir le rochtain ar an margadh a éascú d'oibreoirí agus na hiarrachtaí a dhéantar ar an láthair á n-aithint ag an am céanna. Féadfaidh an tAontas dul i mbun idirphlé agus comhar teicniúil ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda le páirtithe leasmhara ábhartha. Ba cheart é a bhunú ar mhalartú trédhearcach faisnéise, sonraí agus dea-chleachtas. Is é an sprioc atá ann scéimeanna ábhartha a shainaithint, a fhorbairt agus/nó a neartú, agus béim á leagan ar an trédhearcacht agus an inrianaitheacht agus a gcur chun feidhme éifeachtach agus a n-idir-inoibritheacht a áirithiú.

Tacaíonn an tAontas le tíortha comhpháirtíochta scéimeanna inrianaitheachta ardchaighdeáin atá ann cheana a neartú, agus béim á leagan ar shlabhraí soláthair gan dífhoraoisiú bunaithe ar shainmhínithe agus dlíthiúlacht Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an tAontas anailísí comhpháirteacha a mhaoiniú le tíortha comhpháirtíochta (ar éileamh) chun bearnaí a shainaithint, mar aon le príomh-mholtaí maidir le céimeanna breise le haghaidh ailíniú, d'fhonn bailiú faisnéise a éascú do na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

Le roinnt clár faoi Thionscnamh domhanda Fhoireann na hEorpa maidir le Slabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú, amhail SAFE, an Tionscnamh Cócó Inbhuanaithe agus AL INVEST Verde, soláthraítear tacaíocht nithiúil cheana féin do chórais inrianaitheachta náisiúnta agus áitiúla i dtíortha comhpháirtíochta.

([9]) https://alinvest-verde.eu/en_gb/
([10]) https://zerodeforestationhub.eu/projects/eudr-engagement/

Leis an **gclár um Thalmhaíocht Inbhuanaithe le haghaidh Éiceachórais Foraoise (SAFE),** arna mhaoiniú ag an Aontas, ag an nGearmáin agus ag an Ísiltír, tugtar tacaíocht do chórais inrianaitheachta ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil i dtíortha táirgeachta éagsúla. Sa Bhrasaíl, tacaíonn SAFE le córas inrianaitheachta a fhorbairt in earnáil an eallaigh trí phróiseas idirphlé ilpháirtithe leasmhara faoi chuimsiú 'Comhghuaillíocht na Brasaíle maidir leis an Aeráid, Foraoisí agus Talmhaíocht'. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag SAFE tacú le hAireacht Talmhaíochta na Brasaíle agus an t-ardán inrianaitheachta tras-tráchtearraí náisiúnta 'AgroBrasil + Sustentável' á chur chun feidhme aici.



5.3. **An t-aistriú chuig táirgeadh inbhuanaithe tráchtearraí agus úsáid talún inbhuanaithe**

Trí éifeachtúlacht úsáide talún talmhaíochta a mhéadú agus trí aistriú chuig modhanna táirgthe talmhaíochta níos inbhuanaithe, is féidir dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe. Tá an tAontas tiomanta do chleachtais nuálacha agus/nó mhalartacha a fhorbairt agus do thacú lena gcur chun feidhme, ar cleachtais iad lena mbaintear cothromaíocht amach idir éiceachórais a chosaint agus freastal ar an éileamh domhanda ar phríomh-thráchtearraí talmhaíochta.

Maoiníonn an Coimisiún Eorpach raon leathan clár agus tionscadal cheana féin atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta agus iad ag aistriú chuig táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe gan dífhoraoisiú, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil d'fheirmeoirí gabháltas beag.

Bosca 3: Tionscnamh Cócó Inbhuanaithe an Aontais

Seoladh **Tionscnamh Cócó Inbhuanaithe an Aontais** ([11]) in 2020 agus is idirphlé ilpháirtithe leasmhara é idir an tAontas, an Cósta Eabhair, Gána agus Camarún maidir le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta in earnáil an chócó. Is tionscnamh suaitheanta é faoin gComhaontú Glas don Eoraip a tógadh ar dhá phríomhcholún:

1. is idirphlé cuimsitheach ilpháirtithe leasmhara atá sna **'Cocoa Talks'** [Cainteanna faoin gCócó] arb é an Coimisiún Eorpach a eagraíonn é chun teacht ar chomhaontú faoin earnáil agus gníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint di.

2. tacaíocht airgeadais agus theicniúil trí **Chlár Réigiúnach Cócó Inbhuanaithe** (SCP) go príomha, ar clár €25 mhilliún é don Chósta Eabhair, do Ghána agus do Chamarún chun na hacmhainní is gá a áirithiú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na pointí gníomhaíochta a shainítear tríd an idirphlé ilpháirtithe leasmhara. Comhlánaíodh an clár le hacmhainní breise ar leibhéal na tíre. Áirítear ar na gníomhaíochtaí fothú acmhainneachta chun faireachán a dhéanamh ar an dífhoraoisiú, córais inrianaitheachta a fhorbairt, caighdeáin phoiblí/phríobháideacha a fheabhsú agus deimhniú le haghaidh táirgeadh cócó agus measúnú ar chleachtais talmhaíochta shonracha amhail córais agrafhoraoiseachta.

Tháinig deireadh leis an idirphlé i mí an Mheithimh 2022 nuair a d'fhormhuinigh na páirtithe leasmhara an Treochlár maidir le cócó Inbhuanaithe agus cruthú Treochláir 'Comhghuaillíocht maidir le Cócó Inbhuanaithe'.

5.4. **Dul i ngleic le bearta rialála agus caighdeáin chomhshaoil ar fud an domhain**

Beidh ríthábhacht le hidirphlé beartais le margaí tomhaltóirí móra eile chun beartais chomhchosúla a chur chun cinn chun an sprioc dheiridh a bhaint amach maidir le stop a chur leis an dífhoraoisiú domhanda. Tá an tAontas ag obair go dlúth le tíortha tomhaltóra comhpháirtíochta agus lena bpáirtithe leasmhara sa slabhra soláthair chun na spriocanna comhroinnte dífhoraoisithe i bhfóraim iltaobhacha a bhaint amach. Tá sé sin á dhéanamh trí dhea-chleachtais agus teicneolaíochtaí, bearta rialála, caighdeáin chomhshaoil níos airde, dícheall cuí agus freagracht shóisialta chorparáideach a shainaithint agus a fhorbairt chomh maith le tacaíocht chomhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann do ról feirmeoirí beaga i slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar chur chuige an Aontais chun an dífhoraoisiú a chomhrac chomh maith le feasacht a mhúscailt maidir leis an ngá atá le slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a fheabhsú ar fud an domhain bunaithe ar shainmhínithe a úsáidtear go hidirnáisiúnta amhail sainmhínithe Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, d'fhonn gealltanais chomhpháirteacha idirnáisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht a chomhlíonadh. Bainfidh an tAontas úsáid freisin as ionstraimí a thacaíonn le riaracháin phoiblí, go háirithe maidir le comhfhogasú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais agus maidir le comhroinnt dhea-chleachtais an Aontais a éascú do thíortha comhpháirtíochta chun caighdeáin chomhshaoil a ardú. Mar shampla, ionstraimí tógála institiúidí an Aontais 'TAIEX' (an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise) ([12]) agus 'Twinning' ([13]), lena dtugtar le chéile saineolas ón earnáil phoiblí ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha comhpháirtíochta trí ghníomhaíochtaí idir piaraí.

5.5. **Eolas agus nuálaíocht a fhorbairt**

Faoi Chlár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, tá sé d'aidhm ag an Aontas eolas agus sonraí eolaíocha nua a chruthú chomh maith le réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt lenar féidir an t-aistriú chuig táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe, úsáid talún inbhuanaithe agus slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a éascú, dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe ar fud an domhain agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a spreagadh.

([11]) https://africa-knowledge-platform.ec.europa.eu/story_life_cycle.
([12]) https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/funding-and-technical-assistance/taiex_en?prefLang=ga.
([13]) https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/funding-and-technical-assistance/twinning_en?prefLang=ga.

Go sonrach, bhunaigh an tAontas **Faireachlann an Aontais um an Dífhoraoisiú** ([14])**agus um an Díghrádú Foraoise** faoi stiúir an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC). Foráiltear léi sonraí eolaíocha maidir le hathruithe ar chumhdach foraoisí ar domhan agus trádáil tráchtearraí raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi eintitis phoiblí, tomhaltóirí agus an earnáil phríobháideach. Níl aon luach dlíthiúil ag na léarscáileanna a tháirgeann an Fhaireachlann ach is uirlis tacaíochta luachmhar iad le haghaidh measúnú riosca agus chun cabhrú le hoibreoirí an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú a chomhlíonadh, gan an dualgas dícheall cuí a dhéanamh a ligean dóibh, áfach. Tógann an Fhaireachlann ar uirlisí faireacháin atá ann cheana, lena n-áirítear táirgí Copernicus agus foinsí eile atá ar fáil go poiblí nó go príobháideach, agus leanfaidh sí de bheith ag tógáil orthu, chomh maith le dlúthmhalartú agus dlúthchomhar a dhéanamh leis na tíortha comhpháirtíochta maidir le fianaise. Saothróidh sé sineirgí freisin leis na forbairtí beartais ábhartha eile amhail dlí an Aontais maidir le faireachán ar fhoraoisí agus an Córas Faisnéise Foraoise don Eoraip.

Bosca 4: Scéalta ratha ón gComhairle Eorpach um Thaighde arna gcistiú faoi Fhís 2020 an Aontais nó faoi Fhís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht

Leis an tionscadal INCLUDE ([15]) (2016-2021), rinneadh anailís ar an tionchar atá ag an dífhoraoisiú ar ghrúpaí imeallaithe amhail feirmeoirí beaga agus pobail dhúchasacha trí dhíriú ar réigiún Chaco Salteno na hAirgintíne.

Leis an tionscadal FORESTPOLICY ([16]) (2021-2026) scrúdaítear an cuidiú iad beartais chuideachta chun stop a chur leis an dífhoraoisiú maidir le glanadh foraoisí a mhoilliú agus an mbeidh feirmeoirí bochta á n-eisiamh mar gheall ar an éifeachtacht chomhshaoil nó an dtéann sí chun tairbhe dóibh. Is é is aidhm dó freisin a shainaithint cén fáth a n-éiríonn le beartais slabhra soláthair nó cén fáth a dteipeann orthu.

Le tionscadal SUSTAINFOREST ([17]) (2021-2026) déantar anailís ar na róil idirghníomhacha atá ag paistí foraoise atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de i dtírdhreacha talmhaíochta na limistéar foraoise báistí agus sabhánaí i dTóga, Beinin, an Nigéir agus Camarún.

6. **UIRLISÍ CUR CHUN FEIDHME**

6.1. **For-rochtain agus Idirphlé**

Chun prionsabail agus cuspóirí an Chreata a bhaint amach, beidh an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú agus an comhrac leathan i gcoinne an dífhoraoisithe dhomhanda agus an díghrádaithe foraoisí ina ndlúthchuid d'obair agus d'iarrachtaí taidhleoireachta glaise an Aontais. Chuige sin, ar an gcéad dul síos, saothróidh an tAontas idirphlé oscailte, neamhbhalbh agus straitéiseach leis na tíortha comhpháirtíochta agus na réigiúin chomhpháirtíochta a bheidh ag brath ar na fóraim ábhartha dhéthaobhacha, dhéréigiúnacha agus idirnáisiúnta.

Maidir leis na fóraim idirphlé ábhartha:

— Ar an **leibhéal idirnáisiúnta**, leanfaidh an tAontas dá fhor-rochtain agus dá rannpháirtíocht maidir leis an dífhoraoisiú i gcomhthéacs G7 agus G20, ECFE, UNFCCC, UNCCD, CBD, FAO agus in EDT, chomh maith le fóraim ábhartha eile.

— Ar an **leibhéal réigiúnach agus déthaobhach**, tá an dífhoraoisiú á chomhtháthú ag an Aontas sna creataí comhair ábhartha uile le haghaidh idirphlé beartais, lena n-áirítear idirphlé foirmiúil polaitiúil agus earnála, Comhghuaillíochtaí Glasa agus Comhpháirtíochtaí Glasa, agus tionscadail cúnaimh theicniúil, ag tógáil a mhéid is féidir ar shásraí agus ar phróisis atá ann cheana.

— Mar gheall ar **Chomhaontuithe Saorthrádála an Aontais** agus **Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche** le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta, tá ardáin bhreise á soláthar le haghaidh idirphlé agus comhar maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an dífhoraoisiú, ina mbíonn na húdaráis inniúla agus an tsochaí shibhialta ar an dá thaobh rannpháirteach.

([14]) https://forest-observatory.ec.europa.eu/forest/gfc2020.
([15]) https://cordis.europa.eu/project/id/681518.
([16]) https://cordis.europa.eu/project/id/949932.
([17]) https://cordis.europa.eu/project/id/101001200.

— Ar **leibhéal saineolaithe**, i mí Dheireadh Fómhair 2020, sheol an Coimisiún Eorpach an **tArdán Comhpháirtíochta Ilpháirtithe Leasmhara maidir le cosaint agus Athbhunú Fhraoisí an Domhain** chun cabhrú le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú, ardán a fheidhmíonn mar fhóram le haghaidh malartuithe idir na tíortha tomhaltóra agus na tíortha táirgeachta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus comhlachais tionscail i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú. Tagann sé le chéile go rialta agus tá sé oscailte do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ó thíortha comhpháirtíochta.

***Bosca 5*: Ardán Ilpháirtithe leasmhara maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú**

In 2020, chruthaigh an Coimisiún 'an tArdán Ilpháirtithe Leasmhara maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú', arb é is aidhm dó páirtithe leasmhara, taighdeoirí agus tríú tíortha a bheith rannpháirteach sa phróiseas reachtach. Reáchtáiltear cruinnithe an Ardáin go rialta. Tríd an Ardán Ilpháirtithe Leasmhara, glacann rannpháirtithe, lena n-áirítear tíortha comhpháirtíochta, páirt sa phróiseas reachtach trí cheardlanna tiomnaithe, nuashonruithe arna dtabhairt ag an gCoimisiún agus iarrataí ar aiseolas agus ar ionchur. San idirthréimhse, áirithítear le cruinnithe rialta go bpléitear na saincheisteanna uile atá ábhartha chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú a ullmhú agus go n-éistfear le tuairimí na bpáirtithe leasmhara. Leanfaidh sé sin ar aghaidh le linn chéim an chur chun feidhme. Roinneann an t-ardán dea-chleachtais freisin e.g. maidir le hinrianaitheacht agus feirmeoirí beaga.

Chomh maith leis na Ballstáit, bíonn ionadaithe ó na hearnálacha tionscail ábhartha uile agus ón tsochaí shibhialta rannpháirteach, chomh maith le hionadaithe ó na tíortha comhpháirtíochta.

Is féidir faisnéis mhionsonraithe, lena n-áirítear cláir oibre, miontuairiscí, gach cur i láthair agus ábhair ábhartha eile a fháil ar shuíomh gréasáin Chlár an Choimisiúin ([18]).

6.2. **Tionscnaimh Shonracha**

Sa bhreis ar fhor-rochtain agus idirphlé, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil agus de mheasúnú a dhéanamh ar bhearta breise maidir le slabhraí luacha gan dífhoraoisiú i ndlúthchomhar agus ar bhealach comhardaithe leis na Ballstáit i gCur Chuige Fhoireann na hEorpa ([19]). Thairis sin, neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht leis na hinstitiúidí maoinithe forbraíochta agus leis an earnáil phríobháideach chun infheistíochtaí fadtéarmacha i slabhraí luacha gan dífhoraoisiú a phlódú isteach i gcomhréir le cuspóirí Global Gateway an Aontais. Leanfaidh an tAontas dá chomhpháirtíochtaí leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta ábhartha (e.g. EDT, ECFE, an Banc Domhanda, UNEP, FAO etc.) a chothú chun dlús a chur leis an ngluaiseacht dhomhanda chun stop a chur leis an dífhoraoisiú.

6.2.1. *Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le Slabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú*

Le linn COP28 UNFCCC, sheol an tAontas agus a Bhallstáit Tionscnamh domhanda Fhoireann na hEorpa (TFE) maidir le Slabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú ina bhfuil na gnéithe oibríochtúla seo a leanas chun aistriú cuimsitheach chuig táirgeadh inbhuanaithe gan dífhoraoisiú a éascú i dtíortha comhpháirtíochta:

a) Soláthróidh **Mol TFE** faisnéis agus for-rochtain do thíortha comhpháirtíochta maidir le slabhraí luacha gan dífhoraoisiú agus déanfaidh sé bainistíocht eolais chun tionscadail ábhartha ón Aontas agus ó na Ballstáit atá ann cheana a chomhordú le gníomhaíochtaí atá ar na bacáin atá tiomnaithe do spriocanna TFE. Áiritheofar leis sin gur féidir gníomhaíochtaí éagsúla TFE maidir le slabhraí luacha gan dífhoraoisiú i dtíortha táirgeachta a ailíniú ar bhealach níos fearr, bearnaí a shainaithint agus iomarcaíochtaí a sheachaint.

b) Is é an **clár um Thalmhaíocht Inbhuanaithe le haghaidh Éiceachórais Foraoise (SAFE)** an colún is tábhachtaí TFE a bhfuil gníomhaíochtaí leanúnacha ar siúl aige sa Bhrasaíl, in Eacuadór, san Indinéis agus sa tSaimbia. Tá obair fós ar siúl chun tacú le Vítneam agus cuirfear Poblacht Dhaonlathach an Chongó leis in 2024. Dírítear sa chlár ar thacaíocht d'fheirmeoirí beaga agus iad ag aistriú chuig slabhraí luacha inbhuanaithe gan dífhoraoisiú agus ar chúnamh a thabhairt do thíortha táirgeachta timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun rochtain ar mhargadh an Aontais a chinntiú. Déanfar SAFE a mhéadú a thuilleadh le ranníocaíochtaí atá le teacht ó na Ballstáit.

([18]) https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3282.

([19]) Le haghaidh na tréimhse 2021-2024, leithdháil an tAontas EUR 1 bhilliún i ndeontais chun foraoisí i dtíortha comhpháirtíochta a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe agus EUR 2.5 billiún i ndeontais chun tacú le talmhaíocht inbhuanaithe.

c) Is ionstraim sholúbtha agus ionstraim ar éileamh í an **tSaoráid Theicniúil um Shlabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú** chun cúnamh a thabhairt do thíortha táirgeachta a bhfuil saineolas acu ar riachtanais theicniúla, amhail geoshuíomh, mapáil úsáide talún agus inrianaitheacht, agus béim ar leith á leagan ar chuimsiú feirmeoirí beaga. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhordú go dlúth le Toscaireachtaí an Aontais agus a ailíniú trí Mhol TFE le tionscadail atá ann cheana, lena n-áirítear SAFE, chun sineirgí a chruthú agus dúbláil a sheachaint.



6.2.2. *Comhpháirtíochtaí Foraoise*

I gcomhthéacs straitéis Global Gateway an Aontais, saothraíonn an tAontas **Comhpháirtíochtaí Foraoise** le tíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn chun creat fadtéarmach iomlánaíoch a chur ar fáil chun a bhforaoisí a chaomhnú, agus luach á chruthú lena n-aghaidh ag an am céanna agus forbairt shocheacnamaíoch á giniúint acu. Dírítear sna Comhpháirtíochtaí Foraoise ar rialachas foraoise a fheabhsú, lena n-áirítear rannpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara, slabhraí luacha foraoisbhunaithe a neartú, timpeallachtaí gnó cobhsaí agus dlíthiúla a spreagadh agus inbhuanaitheacht na trádála i dtáirgí foraoise a áirithiú agus béim á leagan ar dhlíthiúlacht, ar inbhuanaitheacht agus ar stop a chur leis an dífhoraoisiú.

Go sonrach, is féidir leis na Comhpháirtíochtaí Foraoise cabhrú le comhpháirtithe na caighdeáin reachtacha agus neamhreachtacha is infheidhme a thuiscint agus oiriúnú dóibh. Rannchuideoidh siad le córais inrianaitheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh táirgí foraoise, lena n-áirítear trí chur leis na heispéiris a bhfuil gealladh fúthu i gcomhthéacs na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Deonaí faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) ([20]), agus a gCórais Dearbhaithe Dlíthiúlachta Adhmaid. Cuireann an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú leis an taithí a fuarthas ó Rialachán Adhmaid AE agus Rialachán FLEGT ([21]), lena gcumhdaítear ceanglais bhreise thar an dlíthiúlacht chun a áirithiú gur adhmad gan dífhoraoisiú an t-adhmad a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Tá sé d'aidhm ag na Comhpháirtíochtaí Foraoise freisin feabhas a chur ar dhreasachtaí eacnamaíocha le haghaidh caighdeáin chomhshaoil níos airde, timpeallacht ghnó fheabhsaithe agus rochtain ar mhaoiniú. Is é is aidhm do na Comhpháirtíochtaí Foraoise tacú le tíortha comhpháirtíochta stop a chur leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí trína Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras maidir leis an aeráid agus le Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta faoin gCreat Domhanda Bithéagsúlachta a chur chun feidhme. Tá Comhpháirtíochtaí Foraoise tugtha i gcrích cheana féin ag an Aontas leis an nGuáin, le Hondúras, leis an Mongóil, le Poblacht an Chongó, le hUganda agus leis an tSaimbia agus tá sé ag féachaint ar roghanna le haghaidh tuilleadh roghanna, ag tógáil ar thaithí ábhartha an Aontais sa réimse sin.

([20]) Measúnú tionchair 'An riosca a bhaineann le táirgí atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais' a íoslaghdú (https://environment.ec.europa.eu/topics/forests/deforestation/regulation-deforestation-free-products_en?prefLang=ga) agus An tSeiceáil Oiriúnachta ar Rialachán Adhmaid an Aontais agus ar Rialachán FLEGT (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A52021SC0328).

([21]) Measúnú Tionchair 'An riosca a bhaineann le táirgí atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais a íoslaghdú' agus An tSeiceáil Oiriúnachta ar Rialachán Adhmaid an Aontais agus ar Rialachán FLEGT.

6.2.3. *Tionscnaimh ábhartha eile*

Tá cláir eile ag an Aontas chun tacú le bainistíocht inbhuanaithe foraoise agus le feirmeoirí gabháltas beag faoi chuimsiú Global Gateway an Aontais agus an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe. Féach **Bosca 4** le do thoil le haghaidh samplaí sonracha i Meiriceá Laidineach.

Ina theannta sin, saothrófar cur chuige atá comhlántach leis na gníomhaíochtaí tacaíochta a bhainfidh le **Treoir an Aontais i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach** (CSDDD) a luaithe a chuirfear i bhfeidhm í. Chuige sin, cuirfidh an tAontas, *inter alia*, tacaíocht ar fáil do rialtais, don earnáil phríobháideach agus don tsochaí shibhialta i dtríú tíortha chun tuiscint a éascú ar cheanglais faoi seach an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú agus an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus ar na tairbhí a bhaineann leo (e.g., i dtéarmaí cearta an duine agus cearta saothair agus an comhshaol a chosaint ar bhealach níos fearr, rannpháirtíocht na bpobal áitiúil, slabhraí soláthair cobhsaí, athléimneacht mhéadaithe, etc.), agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na dúshláin shonracha atá os comhair na bpríomhpháirtithe leasmhara. Beidh Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le hInbhuanaitheacht i Slabhraí Luacha Domhanda ábhartha i ndáil leis an méid sin go háirithe chun tacú le cur chun feidhme na Treorach maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach i dtríú tíortha. Mar shampla, roinnfidh a dheasc chabhrach faisnéis ábhartha agus cuirfidh sí treoir ar fáil agus oibreoidh sí i sineirgíocht le Mol TFE maidir le Slabhraí Luacha gan Dífhoraoisiú, de réir mar is iomchuí.

Chomh maith leis sin, cuireann an tAontas ar fáil **tacaíocht spriocdhírithe ar leibhéal na tíre** i bhfianaise na riachtanas iarbhír sna tíortha táirgeachta agus na n-imchlúdach airgeadais leithdháilte faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

Ar deireadh, **tá Institiúidí Maoinithe Forbraíochta na hEorpa** chomh maith leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais ag cur lena dtiomantas punanna infheistíochta fadtéarmacha a leathnú sna slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. D'eisigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), mar shampla, treoir thiomnaithe i mí na Nollag 2022 chun maoiniú le haghaidh earnáil na foraoiseachta a mhéadú ([22]).

Sampla nithiúil is ea an tionscadal 'Foraoisí Cuimsitheacha agus Inbhuanaithe i Maracó' ([23]), trínar dheonaigh BEI iasacht EUR 100 milliún chun tacú le forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe fhoraoisí Mharacó. Ag tacú le straitéis 2020-2030 maidir le Foraoisí Mharacó, cuirfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Uisce agus Foraoisí (ANEF) an oibríocht chun feidhme thar thréimhse cúig bliana. Thairis sin, i bPoblacht na Moldóive, tá tacaíocht curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach i gcomhar leis an mBanc Domhanda chun clár náisiúnta foraoisithe a ullmhú agus a chistiú ([24]). Meastar gur beagnach EUR 759 milliún a chosnóidh an Clár Náisiúnta um Leathnú agus Athshlánú Foraoise, a glacadh in 2023 ([25]). Ar bhealach réigiúnach i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, oibríonn an tAontas agus an Banc Domhanda le chéile chun feabhas a chur ar chreataí rialála agus ar an acmhainneacht chun aghaidh a thabhairt ar an dífhoraoisiú mar chuid de cholún faoi seach an chláir EU4Environment.

([22]) https://www.eib.org/en/publications/20220173-forests-at-the-heart-of-sustainable-development.

([23]) https://www.eib.org/en/press/all/2023-558-maroc-bei-monde-100-millions-forets-inclusives-durables#:~:text=The%20EIB%20has%20granted%20a%20loan%20of%20%E2%82%AC100,the%20National%20Agency%20for%20Water%20and%20Forests%20%28ANEF%29.; https://www.eib.org/en/projects/all/20220943.

([24]) https://www.worldbank.org/en/news/feature/2024/05/21/investing-in-moldova-s-forest-biodiversity-to-build-a-more-sustainable-future.

([25]) https://www.eu4environment.org/news/how-the-european-union-jointly-with-the-world-bank-helps-moldova-green-its-landscapes/

Bosca 6: Global Gateway an Aontais – Samplaí de chláir agus de thionscnaimh leanúnacha lena mbaineann tairbhí d'fhoraoisí inbhuanaithe agus do shlabhraí luacha talmhaíochta inbhuanaithe i Meiriceá Laidineach

— Is é **AMAZONIA +** an clár atá cistithe ag an Aontas a seoladh in 2023 chun feabhas a chur ar acmhainneacht thíortha Abhantrach na hAmasóine (an Bholaiv, an Bhrasaíl, an Cholóim, Eacuadór, an Ghuáin, Peiriú, Suranam agus Veiniséala) chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac trí oibriú le rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chomh maith le pobail áitiúla agus pobail dhúchasacha.

— Tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa is ea **CÚIG MHÓRFHORAOIS MHÉISI-MHEIRICEÁ** lena rannchuidítear le cosaint na bhforaoisí móra deireanacha atá fágtha sa réigiún. Dírítear ar shonraí eolaíocha a chur ar fáil maidir le staid na bhforaoisí sin agus leas á bhaint as cláir spáis an Aontais; rialachas éifeachtach foraoise agus slabhraí luacha gan dífhoraoisiú; agus cearta comhshaoil.

— Faoi chlár EUROCLIMA (clár a tionscnaíodh in 2008), tacaíonn an tAontas *inter alia* leis an earnáil 'Foraoisí, Bithéagsúlacht agus Éiceachórais' in 18 dtír i Meiriceá Laidineach. Díríodh ar thionscadail nuálacha agus ar chumas institiúideach acmhainní nádúrtha a chaomhnú, ceapadh carbóin éiceachóras a mhéadú agus feabhas a chur ar athléimneacht daoine atá faoi thionchar an dúlra i leith thionchair an athraithe aeráide i gcomhréir le beartais phoiblí. Rannchuidigh an tAontas freisin le hardán réigiúnach na bPobal Dúchasach a chruthú faoi Eagraíocht Chonradh Comhair na hAmasóine chun a áirithiú go gcuirfear a n-eolas agus a gcleachtais thraidisiúnta san áireamh sna hiarrachtaí atá faoi stiúir an rialtais maidir le cosaint na bithéagsúlachta, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide.

***Bosca 7*: Clár Terre Verde maidir le talmhaíocht agus foraoiseacht inbhuanaithe**

In 2022, ghlac an Coimisiún clár nua ([26]) ar fiú EUR 115 mhilliún é chun tacú le forbairt éiceolaíoch, chuimsitheach agus nuálach earnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta Mharacó. Is é is aidhm don chlár 'Terre Verte' rannchuidiú le straitéisí náisiúnta Mharacó 'Glúin Ghlas' agus 'Foraoisí Maracacha' lena gcumhdaítear an tréimhse 2020-2030 trí aistriú éiceolaíoch a chur chun cinn a chuideoidh le deiseanna oibre cuibhiúla a chruthú i Maracó in earnáil na talmhaíochta agus na foraoiseachta. Is cuid é sin den Chomhpháirtíocht Ghlas idir an tAontas agus Maracó, an chéad tionscnamh den sórt sin de chuid an Aontais le tír chomhpháirtíochta. Is é is aidhm dó an ghné sheachtrach den Chomhaontú Glas don Eoraip a chur chun cinn trí ghníomhaíocht ar an láthair agus meastar go mbeidh sé ina shamhail le haghaidh comhpháirtíochtaí comhchosúla le tíortha eile, lena n-áirítear ar mhór-roinn na hAfraice.

7. **CONCLÚID**

Leis an gCreat, cuirtear struchtúr cuimsitheach ar fáil le haghaidh comhar le tíortha comhpháirtíochta maidir leis an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú mar chuid den dúshlán domhanda comhroinnte chun stop a chur leis an dífhoraoisiú.

Tá an Creat dírithe ar oibriú i gcomhpháirtíocht i dtreo chur chun feidhme an Rialacháin agus an ghealltanais dhomhanda chun stop a chur leis an dífhoraoisiú faoi na SFInna faoi 2020 agus ghealltanas Ghlaschú stop a chur le cailliúint foraoise agus é a aisiompú faoi 2030.

Is é príomhchuspóir na comhpháirtíochta aistriú cóir cuimsitheach a chur chun cinn maidir le slabhraí soláthair talmhaíochta gan dífhoraoisiú, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Leanfaidh an tAontas de dhul i dteagmháil le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara maidir leis na bearta éifeachtacha atá dírithe ar an éileamh agus ar an soláthar, maidir lena n-iarrachtaí leanúnacha i dtreo na hinbhuanaitheachta agus tacóidh sé leo maidir lena dtuiscint ar na caighdeáin is infheidhme agus maidir lena n-oiriúnú dóibh.

Cuirtear an chomhpháirtíocht sin chun feidhme trí idirphlé for-rochtana, polaitiúil agus beartais, trí bhearta tacaíochta tiomnaithe lena n-áirítear cúnamh teicniúil, infheistíochtaí agus forbairt eolais agus nuálaíochta.

([26]) https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/news/eu-morocco-green-partnership-commission-adopts-key-programme-support-agricultural-and-forestry-2022-10-25_en#:~:text=The%20programme%20%E2%80%9CTerre%20Verte%E2%80%9D%20aims%20to%20contribute%20to,in%20Morocco%20in%20the%20agricultural%20and%20forestry%20sector.

Tá teacht ag an iliomad páirtithe leasmhara uirthi amhail údaráis réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla, príomhghníomhaithe sna slabhraí luacha lena n-áirítear cuideachtaí móra, trádálaithe, feirmeoirí gabháltas beag agus tomhaltóirí, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla.

Chun comhpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh de, leanfaidh an Coimisiún Eorpach de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit agus le hInstitiúidí Maoinithe Forbraíochta na hEorpa. Éascófar léi freisin comhar níos láidre le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

Mar sin féin, beidh rath na comhpháirtíochta ag brath freisin ar thiomantas chomhpháirtithe an Aontais spriocanna domhanda a bhaint amach chun stop a chur leis an dífhoraoisiú, rud a léirítear le hiarrachtaí náisiúnta a mbeartais féin maidir le táirgeadh agus dícheall cuí atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht a fhorbairt agus páirt a ghlacadh san abhcóideacht ar son caighdeáin chomhshaoil níos airde i suíomhanna idirnáisiúnta.

IARSCRÍBHINN

Prionsabail ghinearálta maidir leis an modheolaíocht tagarmharcála

I gcomhréir le hoibleagáidí an Choimisiúin Eorpaigh faoin Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú, tá córas á fhorbairt aige chun tíortha a thagarmharcáil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 29 den Rialachán sin, agus foilseofar an chéad liostú i nGníomh Cur Chun Feidhme. Le linn an phróisis sin, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta ábhartha. Déanfar an liostú sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, má bhíonn fianaise nua ann.

Chun trédhearcacht iomlán a áirithiú roimh fhoilsiú an Ghnímh Cur Chun Feidhme, leis an liostú a cheanglaítear leis an reachtaíocht, comhroinneann an Coimisiún leis seo na prionsabail ghinearálta maidir leis an modheolaíocht tagarmharcála.

Tá sé beartaithe leis an gcóras sin tíortha a aicmiú mar thíortha **ísealriosca, caighdeánacha nó ardriosca**, lena n-éascaítear próisis díchill chuí oibreoirí agus a chuirfidh ar chumas na n-údarás inniúil monatóireacht éifeachtach agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh. Ina theannta sin, is dreasacht é do thíortha táirgeachta feabhas a chur ar inbhuanaitheacht a gcóras táirgthe talmhaíochta agus a dtionchar dífhoraoisithe a íoslaghdú. Cuirfidh sé ar chumas an Choimisiúin dul i mbun comhairliúcháin agus idirphlé le tíortha tosaíochta freisin.

Tá modheolaíocht an Choimisiúin fréamhaithe go daingean i dtiomantas don **chothroime, don oibiachtúlacht agus don trédhearcacht**. Braitheann sé ar **chritéir chainníochtúla** atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar na sonraí is déanaí atá ar fáil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu, go príomha ón Measúnú ar Acmhainní Foraoise Domhanda ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Trí dhíriú ar na tosca intomhaiste sin, áirithíonn an Coimisiún go bhfuil an próiseas aicmithe bunaithe ar shonraí soladacha, agus go bhfuil sé comhcheangailte le modheolaíocht le haghaidh **measúnú cáilíochtúil**, i gcás inarb ábhartha.

Is **measúnú cainníochtúil** críochnúil atá i gceist leis an modheolaíocht chun tíortha a aicmiú mar thíortha ísealriosca, de bhun na gcritéar a liostaítear in Airteagal 29(3) den Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú, lena ndéantar scrúdú go príomha ar an dífhoraoisiú i ndearbhthéarmaí (heicteáir d'fhoraois a chailltear in aghaidh na bliana) agus i dtéarmaí coibhneasta araon (céatadán de chumhdach foraoisí a chailltear go bliantúil), agus meáin oll-dífhoraoisithe dhomhanda á gcur san áireamh. Féach thíos forbhreathnú amhairc ar an measúnú cainníochtúil.



De réir na modheolaíochta, déanfar formhór mór na dtíortha ar fud an domhain a aicmiú mar thíortha ‘ísealriosca’. Leis sin, tugtar an deis iarrachtaí agus acmhainní comhchoiteanna a dhíriú chun foraoisí a chosaint sna limistéir gheografacha sin ina bhfuil dúshláin níos géire maidir leis an dífhoraoisiú. Cruthaíonn sé sin spriocanna insroichte freisin do na tíortha ar gá feabhas a chur orthu agus laghdaíonn sé costais d’oibreoirí.

A mhéid a bhaineann le tíortha ardriosca, go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an aicmiú, tugtar aird ar leith sa chatagóir seo ar thíortha atá faoi réir smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar gheall ar dheacrachtaí ar leith dícheall cuí a dhéanamh feadh shlabhraí luacha na dtíortha sin.

Tá gach tír eile nach bhfuil aicmithe mar thír ísealriosca nó mar thír ardriosca fós sa chatagóir meánriosca. Laistigh den chatagóir sin, ceadaítear leis an modheolaíocht tagarmharcála cur chuige sonrach a bheith ann maidir leis na tíortha atá ag ceann íochtair nó ag ceann uachtair na catagóire riosca, i ndearbhthéarmaí (heicteáir foraoise a chailltear in aghaidh na bliana) agus i dtéarmaí coibhneasta araon (céatadán an chumhdaigh foraoise a chailltear go bliantúil). Beidh na tíortha sin ina dtosaíocht ag an gCoimisiún maidir le dul i dteagmháil leo. Ag an am céanna, féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil le tíortha eile, go háirithe leo siúd a bhfuil trádáil shuntasach acu leis an Aontas i dtráchtearraí an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú.

Tacóidh **modheolaíocht cháilíochtúil** leis an idirphlé a dhéanfar leis na tíortha sin, agus é mar chuspóir feabhas a chur ar a staid dífhoraoisithe agus, b’fhéidir, a n-aicmiú mar thíortha ardriosca a sheachaint, lena n-áirítear measúnuithe ar an leibhéal réigiúnach i gcás inarb ábhartha.

Déantar breithniú níos sonraí sa mheasúnú cáilíochtúil ar na critéir a liostaítear in Airteagal 29.4 den Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú: faisnéis arna cur isteach maidir le cumhdach éifeachtach astaíochtaí agus aistrithe ón talmhaíocht, ón bhforaoiseacht agus ó úsáid talún sa rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta le UNFCCC; comhaontuithe agus ionstraimí eile idir an tír lena mbaineann agus an tAontas agus/nó a Bhallstáit lena dtugtar aghaidh ar an dífhoraoisiú agus ar an díghrádú foraoisí agus lena n-éascaítear comhlíonadh Airteagal 3 i dtaca le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach an Airteagail sin; dlíthe náisiúnta nó fonáisiúnta atá i bhfeidhm; infhaighteacht agus trédhearcacht sonraí ábhartha a bhaineann le dlíthe lena gcosnaítear cearta an duine, cearta na bpobal dúchasach, pobail áitiúla agus ilpháirtithe leasmhara eile gnáthcheart tionachta a chomhlíonadh nó a fhorfheidhmiú go héifeachtach; agus smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ar allmhairiú nó ar onnmhairiú na dtráchtearraí ábhartha agus na dtáirgí ábhartha. Féach thíos forbhreathnú amhairc ar an measúnú cáilíochtúil.



Déanfar for-rochtain leis na tíortha ábhartha eile go léir, lena n-áirítear na tíortha sin a dhéanann trádáil shuntasach leis an Aontas sna tráchtearraí lena mbaineann an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú, i gcomhthráth.

Chun a áirithiú go gcuirfear na sonraí eolaíocha is déanaí atá ar fáil san áireamh, is próiseas dinimiciúil é an t-aicmiú tíre, a ndéantar athbhreithniú air go rialta i dtéarmaí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Bíonn sonraí nua Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ar fáil gach cúig bliana, rud a spreagfaidh, de bhun an Rialacháin, athbhreithniú ar an aicmiú tíre. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an chéad athbhreithniú sin a dhéanamh in 2026.

Ar an iomlán, is ionstraim ríthábhachtach é córas tagarmharcála an Choimisiúin san iarracht dhomhanda chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac. Trí mhodheolaíocht dhian, shonraíbhunaithe agus thrédhearcach a chur i bhfeidhm, tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go gcuirfear an Rialachán maidir leis an Dífhoraoisiú chun feidhme ar bhealach atá éifeachtach agus cothrom.